


Creat Rialachais Chorporáidigh in Oifig an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste



Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

Clár Ábhair

Brollach ón Oifigeach Cuntasaíochta	3
Cuspóir an Chreata seo	5

Caibidil 1 — Achoimre

Ról an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	6
Misean an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	6
Freagrachtaí	6
Ról Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	6
Luachanna, Iompraíochtaí agus Cultúir	7
Struchtúr Eagraíochtúil	8
Pleanáil Straitéiseach, Cinnteoireacht agus Bainistíocht Feidhmíochta	8
Cumarsáid Inmheánach	9
Geallsealbhóirí Seachtracha	9
Éifeachtúlacht an Chreata	9

Caibidil 2 — Róil na Bainistíochta Sinsearaí agus Sannadh Freagrachtaí

Údarás an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	10
Aire Airgeadais	10
Róil agus Freagrachtaí	10
Ról an Oifigigh Cuntasaíochta	12
Ról Rialachais na Foirne uile	12

Caibidil 3 — Struchtúir Rialachais

Cúlra don Struchtúr Rialachais	13
Bord Iniúcháireachta	14
An Bord Bainistíochta	14
Ról an Oifigigh Cuntasaíochta	15
Struchtúir Bhainistíochta Eile	15
Bainisteoir Airgeadais	15

Oifigeach Pearsanra	15
Oifigeach Soláthair	15
Sláinte agus Sábháilteacht	16
Taifid agus Sonraí	16
Oifigeach Saorála Faisnéise	17
Nochtaí Cosanta	17
Coiste Comhpháirtíochta	17

Caibidil 4 — An Creat Iniúcháireachta, Dearbhaithe agus Comhlíonta

Tuairisciú ar Rialuithe Inmheánacha	18
An Coiste Iniúcháireachta	18
Iniúcháireacht Inmheánach	19
Bainistíocht Riosca	19
Fóram Slándála Faisnéise	19
Iniúcháireacht Sheachtrach	20
Stiúrthóir Eitice agus Monatóireachta	20
Comhlíonadh rialacha airgeadais	21
Cuntais Leithreasa	21
Soláthar Seirbhísí Comhroinnte	21
Bainistíocht Feidhmíochta	22
Creat Comhlíonta na hOifige	22

Aguisíní

Aguisín I — Téarmaí Tagartha don Bhord Iniúcháireachta	23
Aguisín II — Téarmaí Tagartha don Bhord Bainistíochta	25
Aguisín III — Téarmaí Tagartha don Choiste Comhpháirtíochta	28
Aguisín IV — Creat Comhlíonta	31

Brollach ón Oifigeach Cuntasaíochta

Tá rialachas in Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste bunaithe ar struchtúr bainistíochta seanbhunaithe atá ag feidhmiú go héifeachtach le blianta fada le mórchobhsaíocht agus le ról a bhfuil glacadh leo agus atá sainmhínithe go soiléir d'Oifigigh Chuntasaíochta, don bhainistíocht shinsearach agus don fhoireann.

Baineann rialachas le struchtúir agus próisis chuí a fhorbairt chun eagraíocht a stiúradh agus a bhainistiú ionas gur féidir le geallsealbhóirí a bheith cinnte go bhfuil an eagraíocht ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Cabhraíonn socruithe rialachais le dea-bhainistíocht, dea-fheidhmíocht, dea-rannpháirtíocht le geallsealbhóirí agus torthaí maithe a chinntiú. Is éard atá i gceist le dea-thorthaí a bhaint amach, go bunúsach, an chaoi a ndéanfar rathúlacht a thomhas.

Baineann dea-rialachas le tosaíochtaí a sheachadadh, cuspóirí a bhaint amach, iompar le hionracas agus gníomhú ar mhaithe le leas an phobail, agus ar bhealaí atá comhsheasmhach le hoibleagáidí dlíthiúla agus rialála.

Moltar sa 'Creat Idirnáisiúnta: Dea-Rialachas san Earnáil Phoiblí' roinnt prionsabail ardleibhéil rialachais ba cheart a bheith mar bhonn agus thaca ag na socruithe rialachais in aon eagraíocht státseirbhíse.

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na prionsabail rialachais seo atá oiriúnach dár nOifig. Tá siad mar bhonn do na socruithe rialachais atá leagtha amach sa chreat seo freisin. Tacaíonn na prionsabail seo le bunfheidhm an dea-rialachais, is é sin a chinntiú go ndéanaimid ár sainordú a sheachadadh agus na torthaí atá beartaithe a bhaint amach.

Prionsabail Rialachais

1. Tacaíonn an dea-rialachas le cultúr agus éiteas a chinntíonn iompraíocht le hionracas, tiomantas láidir do luachanna eiticiúla, agus meas ar an smacht reachta.
2. Cabhraíonn dea-rialachas le tosaíochtaí agus torthaí a shainiú i dtéarmaí tairbhí eacnamaíocha agus sochaíocha inbhuanaithe agus chun na beartais agus na hidirghabhálacha is gá a chinneadh chun baint amach na dtosaíochtaí agus na dtorthaí sin a bharrfheabhsú. Ciallaíonn sé dea-chleachtas a chur chun feidhme maidir le trédhearcacht, tuairisciú, cumarsáid, iniúcháireacht agus grínscrúdú chun cuntasacht éifeachtach a sheachadadh.
3. Ciallaíonn dea-rialachas acmhainn na hOifige a fhorbairt, lena n-áirítear cumas na foirne ceannaireachta, na bainistíochta agus na foirne.
4. Ciallaíonn dea-rialachas rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú trí chórais láidre rialaithe inmheánaigh agus trí chleachtais éifeachtacha bainistíochta feidhmíochta.
5. Cinntíonn dea-rialachas oscailteacht, próisis éifeachtacha comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíocht chuimsitheach le geallsealbhóirí intíre agus idirnáisiúnta.

Tá ról tábhachtach againn go léir chun a chinntiú go bhfuil dea-rialachas i bhfeidhm agus cinnteoidh bunú an chreata seo go mbeidh struchtúir, beartais agus próisis i bhfeidhm chun na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

Colette Drinan

Oifigeach Cuntasaíochta

Aibreán 2024

Cuspóir an Chreata seo

Is é cuspóir an Chreata Rialachais seo achoimre shoiléir agus chuimsitheach a sholáthar ar phríomhghnéithe an rialachais chorporáidigh laistigh d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá rialachas corparáideach rithábhachtach don Oifig chun a hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh go héifeachtach. Cinntítear leis go bhfuil creat de struchtúir, de bheartais agus de phróisis i bhfeidhm chun na hoibleagáidí seo a sholáthar agus cumasaítear leis measúnú oibiachtúil ar fheidhmíocht bhainistíochta agus chorporáideach.

Dírítear sa Chreat Rialachais ar phríomhréimsí rialachais agus dírítear ann freisin ar fhoinsí teorach níos mionsonraithe agus áirítear leis laistigh de na hagusíní príomhdhoiciméid rialachais ina bpléitear socruithe dearbhaithe, comhlíonta, pleanála agus formhaoirseachta. Tá sé i gceist go ndéanfar an Creat Rialachais a fhorbairt tuilleadh le himeacht ama de réir mar a fhorbrófar clár oibre rialachais agus riachtanais na hOifige agus a geallsealbhóirí.

Leagtar amach sa doiciméad seo creat do rialachas na hOifige ionas gur féidir léi ár gcuspóirí a chomhlíonadh ar bhealach gairmiúil, cóir agus cothrom. Déanfaidh an tOifigeach Cuntasaíochta athbhreithniú bliantúil ar oibriú an chreata seo. Tá creat rialachais na hOifige ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.audit.gov.ie agus ligfear leis don fhoireann atá ag lorg teorach ar nósanna imeachta pointe tagartha a bheith ar fáil dá gcuid riachtanas.

Caibidil 1 – Achoimre

Is é cuspóir na caibidle seo ná achoimre a sholáthar ar mhisean na hOifige, ar na luachanna, ar na hiompraíochtaí agus ar an gcultúr, ar an mbainistíocht shinsearach agus ar struchtúir eagraíochtúla, agus an próiseas pleanála straitéisí agus gnó a leagan amach go hachomair. Tabharfar breac-chuntas inti freisin ar na socruithe cumarsáide inmheánacha, ar an gcaidreamh le geallsealbhóirí seachtracha agus ar athbhreithniú ar éifeachtacht an chreata seo.

Ról an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 1.1 Is é an tUachtarán a cheapann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (ARC&C) ar ainmiúchán ó Dháil Éireann. Tá sé nó sí i seilbh oifige faoi Airteagal 33 den Bhunreacht.
- 1.2 Tá an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste freagrach as na cuntais phoiblí a iniúchadh, as scrúduithe a dhéanamh ar bhainistiú agus úsáid acmhainní poiblí agus as torthaí na hoibre a thuairisciú do Dháil Éireann.

Misean an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 1.3 Chuige sin, is é misean an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ná dearbhú neamhspleách a thabhairt go n-úsáidtear cistí agus acmhainní poiblí de réir an dlí, go mbainistítear go héifeachtach iad agus go dtugtar cuntas ceart orthu agus go rannchuidíonn iad le feabhas a chur ar riarachán poiblí.

Freagrachtaí

- 1.4 De réir dlí, ceanglaítear ar an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
 - tuairimí a eisiúint ar chuntais ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí a ndéanann sé iniúchadh orthu
 - tuarascálacha a fhoilsiú ar nithe tábhachtacha a roghnaítear dá rogha féin maidir le luach ar airgead agus riaradh cistí poiblí
 - scaoileadh airgid poiblí ón Státchiste a údarú, faoi fheidhm an Ard-Reachtair, chun críocha a shonraítear le dlí.

Ról Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

- 1.5 Cabhraíonn an Oifig leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina fheidhmeanna reachtúla agus tá státseirbhísigh mar fhoireann aici.
- 1.6 Treoraíonn agus bainistíonn foireann bhainistíochta na hOifige cur chun feidhme na gcóras, na bpróiseas agus na hiompraíochtaí atá riachtanach chun dea-rialachas corparáideach a chur chun cinn ar fud na heagraíochta ionas go n-oibríonn foireann uile na hOifige le chéile mar fhoireann ardfheidhmíochta.

Luachanna, Iompraíochtaí agus Cultúir

- 1.7** Aithníonn an Oifig go mbraitheann torthaí maithe iniúchta ar scileanna, luachanna agus iompar a bainistíocht agus a foirne. Geallann an Oifig oibriú go crua chun na luachanna seo a leanas a neadú ina cultúr oibre.
- 1.8** Is é aidhm na hOifige cultúr agus luachanna gaolmhara a chothú agus a choimeád ina léirítear iompraíocht eiticiúil agus rialachas éifeachtach.
- 1.9** Is luachanna lárnacha a nglacann an Oifig leo iad neamhspleáchas, oibiachtúlacht, tiomantas sármhaitheasa agus rannpháirtíocht chuiditheach leis na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu agus tá siad seo ailínithe leis na caighdeáin atá léirithe
- i gCód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse
 - i gcaighdeáin ghairmiúla iniúcháireachta agus eitice
 - sa reachtaíocht um eitic.
- 1.10** Seo a leanas ár luachanna dearbhaithe a mbeimid ag obair go crua chun iad a leabú i ngach gné dár gcuid oibre, inár ndéileálacha le cliaint agus inár gcaidreamh lena chéile.

Oibiachtúil agus neamhspleách inár gcuid oibre

- Saincheisteanna atá tábhachtach i gcomhthéacs bainistiú cistí poiblí a roghnú lena scrúdú.
- Iniúchadh a dhéanamh de réir na gcaighdeán is infheidhme.
- A chinntiú go bhfuil ár dtuarascálacha cóir agus cothrom.

Tairbheach agus cuiditheach inár ndéileálacha le comhlachtaí iniúchta

- Ár riachtanais agus ár n-ionchais a chur in iúl chun cabhrú le comhlachtaí iniúchta bailchríoch a chur ar an bpróiseas cuntasachta ar bhealach tráthúil.
- Riachtanais dhlísteanacha na gcomhlachtaí iniúchta chun a gcuntasacht a chomhlíonadh go tráthúil a aithint.
- Comhfhreagras iar-iniúchta a chuidíonn le heagraíochtaí a rialú agus a mbainistíocht a fheabhsú a eisiúint.
- Freastal ar phríomhchruinnithe de chuid choistí iniúcháireachta na gcomhlachtaí iniúchta.

Sármhaitheas i stiúradh ár gcuid oibre

- Ár gcuid oibre ar fad a dhéanamh de réir na gcaighdeán is airde seirbhíse poiblí.
- Glacadh leis na modheolaíochtaí iniúcháireachta is costéifeachtaí lena n-áirítear dul chun cinn teicneolaíochta.
- Ár mbaill foirne a fhorbairt ionas gur féidir léi cur go mór le seachadadh seirbhísí iniúcháireachta poiblí agus a ngairm beatha seirbhíse poiblí féin á gcur chun cinn acu.

- 1.11** Cuirtear na luachanna sin in iúl don fhoireann ar fad. Táthar ag súil go mbeidh an fhoireann eolach ar na cóid, rialacha agus reachtaíocht ábhartha go léir lena rialaítear an Státseirbhís, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na gceanglas rúndachta agus iad ag déileáil le heagraíochtaí poiblí.
- 1.12** Chomh maith leis na luachanna eagraíochtúla, agus sinn ag déileáil go himmheánach, táthar ag súil:
- go gcothóimid timpeallacht dhearfach oibre ina mbeidh an chumhacht ag an bhfoireann rannchuidiú.
 - go ndaingneoidimid cultúr oibre atá bunaithe ar fheidhmíocht.
 - go rachaimid ar aghaidh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistean go réamhghníomhach agus go nglacfaimid le haiseolas chuiditheach chun feabhsú leanúnach a éascú

Struchtúr Eagraíochtúil

- 1.13** Tá an Oifig á bainistiú ag
- **Bord Iniúchóireachta** – atá comhdhéanta den Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, den Rúnaí agus de na Stiúrthóirí Iniúchóireachta. Formhaoirsíonn an Bord Iniúchóireachta forbairt agus cur chun feidhme straitéise agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht oibriúcháin.
 - **Bord Bainistíochta** – atá comhdhéanta de na Stiúrthóirí agus na Leas-Stiúrthóirí Iniúchóireachta a chomhordaíonn bainistíocht agus oibriú na hOifige.
- 1.14** Eascraíonn an struchtúr eagraíochtúil ónár bpríomhról arb é atá ann clár deimhniúcháin iniúchóireachta agus clár tuairiscithe a sholáthar. Eagraítear an Oifig ina stiúrthóireachtaí atá bunaithe ar chláir oibre iniúchóireachta agus tuairiscithe. Tá an triúr Stiúrthóirí Iniúchóireachta i gceannas orthu sin, agus iad freagrach as an Oifig a reáchtáil ó lá go lá. Laistigh de gach stiúrthóireacht, sanntar punanna oibre do roinnt rannán bunaithe ar earnálacha a oibríonn laistigh den tseirbhís phoiblí. Tá rannáin eagraithe chun tuairisciú do chomhaltaí aonair an Bhoird Bainistíochta, a thuairiscíonn faoi seach dá Stiúrthóir. Is féidir teacht ar an struchtúr eagraíochtúil ar láithreán gréasáin na hOifige ag <https://www.audit.gov.ie>

Pleanáil Straitéiseach, Cinnteoireacht agus Bainistíocht Feidhmíochta

- 1.15** Tugtar breac-chuntas sa Ráiteas Straitéise ar thosaíochtaí ardleibhéil agus léirítear na tosaíochtaí sin sa chlár oibre bliantúil.
- 1.16** D'fhonn an clár oibre bliantúil a sheachadadh go héifeachtach agus soiléireacht a thabhairt do róil agus freagrachtaí ag leibhéal an bhaill foirne aonair, tá creat Pleanála Gnó ag an Oifig lena ndéantar soláthar do phleananna gnó bliantúla do gach rannán agus aonad san Oifig. Leagtar amach sna pleananna gnó bliantúla
- na príomhchuspóirí corparáideacha don bhliain
 - na príomhrioscaí maidir leis na cuspóirí sin a bhaint amach
 - na hacmhainní atá ar fáil, lena n-áirítear an meastachán buiséid bhliantúil, an meastachán ar an am atá ar fáil, na hacmhainní is gá chun na haschuir éagsúla a sheachadadh, agus an leithdháileadh foriomlán acmhainní.
- 1.17** Tá an plan á bhainistiú go córasach, á chothú agus á stiúradh ag an mBord Bainistíochta agus tá sé faoi cheannas na Leas-Stiúrthóirí. Déanann an Bord Bainistíochta monatóireacht rialta ar dhul chun cinn i gcoinne na bpleananna gnó bunaithe ar fhaisnéis a ullmhaíonn na Seirbhísí Lárnacha.

- 1.18** Cuirtear freagrachtaí aonair in iúl tríd an gcóras pleananna gnó rannáin agus aonaid agus tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF). Le córas faisnéise, rianaítear táscairí feidhmíochta ag leibhéal tionscadail agus iniúchta.

Cumarsáid Inmheánach

- 1.19** Tá an chumarsáid inmheánach suntasach in eagraíocht ar bith mar is bunchloch í don chultúr eagraíochtúil. Nuair a bhíonn na luachanna céanna ag gach ball den eagraíocht, nuair a thuigeann siad na nósanna imeachta oibre agus nuair atá siad dírithe ar an misean céanna, baintear úsáid níos éifeachtaí as acmhainní ná mar a dhéantar in eagraíocht ina bhfuil léiriú idirleata. Tá an tAonad Cumarsáide freagrach as cumarsáid inmheánach éifeachtach a chinntiú agus a éascú. Is iad na príomhuirlisí a úsáidtear san Oifig ná
- cumarsáid aonair
 - cruinnithe foirne le buíonta, rannáin agus stiúrthóireachtaí agus ar fud na heagraíochta
 - comhdháil bhliantúil
 - imeachtaí oiliúna
 - cumarsáid leictreonach ar nós fógraí ríomhphoist agus Inlín na hOifige ina bhfuil lámhleabhair, nósanna imeachta, miontuairiscí príomhchruinnithe rialachais
 - suirbhéanna
 - grúpaí oibre/fórim.

- 1.20** Feidhmíonn roinnt Coistí ar nós an Choiste Comhpháirtíochta san Oifig agus soláthraíonn siad aiseolas aníos ar shaincheisteanna oibríochtúla agus eile. Tá grúpaí oibre bunaithe ag an Oifig ar réimsí sainspéise don Oifig amhail feabhsú gnó, forbairt foirne agus folláine foirne. Tuairiscíonn na grúpaí oibre don Bhord Bainistíochta.

Geallsealbhóirí Seachtracha

- 1.21** I measc na ngeallsealbhóirí seachtracha tá comhaltaí den Choiste um Chuntais Phoiblí (PAC) de chuid Dháil Éireann, comhlachtaí poiblí agus an pobal. Foilsítear tuarascálacha ar scrúduithe agus an Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí ar láithreán gréasáin na hOifige (www.audit.gov.ie).
- 1.22** Tá comhlachtaí poiblí freagrach as cuntais iniúchta a fhoilsiú, a chuirtear faoi bhráid Thithe an Oireachtais mar a cheanglaítear le dlí. Tá catalóg ar líne ag Tithe an Oireachtais de chóipeanna scanta digiteacha de dhoiciméid arna leagan ag <https://opac.oireachtas.ie>
- 1.23** Lorgaíonn an Oifig aiseolas agus comhairle chun cabhrú lenár seirbhís a fheabhsú. Tá mionsonraí maidir lenár ról agus ár gcaighdeán seirbhíse leagtha amach ar ár láithreán gréasáin (www.audit.gov.ie). Mínítear ar an láithreán gréasáin conas is féidir leis an bpobal agus leis na comhlachtaí a ndéanaimid iniúchadh orthu aiseolas a thabhairt dúinn ar obair na hOifige agus ar ár dtiomantas do fhreagra a thabhairt ar aiseolas a thugtar. Tá tuarascálacha ó chomhairliúchán le geallsealbhóirí ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige.

Éifeachtúlacht an Chreata

- 1.24** I gcomhthéacs an dea-rialachais, déanann an fhoireann iniúcháireachta inmheánaí, an Coiste Iniúcháireachta agus ár n-iniúcháirí seachtracha athbhreithniú rialta ar éifeachtacht ár gcóras bainistíochta, ar an gcultúr rialaithe agus ar an timpeallacht rialaithe. Tá ról lárnach ag bainisteoirí aonair agus baill foirne maidir le córais bhainistíochta agus éifeachtacht rialaithe a chinntiú trí phróiseas dearbhaithe bainistíochta na hOifige.

Caibidil 2 – Róil na Bainistíochta Sinsearaí agus Sannadh Freagrachtaí

Is é cuspóir na caibidle seo ná forbheathnú a sholáthar ar róil agus freagrachtaí rialachais na bainistíochta sinsearaí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus iad siúd a fheidhmíonn ról bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig.

Údarás an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

- 2.1 Tá ARC&C i seilbh oifige faoi Airteagal 33 den Bhunreacht. Tá an chumhacht reachtúil aige nó aici gnó na hOifige a rialú agus, dá réir sin, is é nó í an t-údarás ceadaithe deiridh le haghaidh beartas iniúchóireachta agus an clár oibre iomlán.
- 2.2 Tá na príomhfhórlacha reachtaíochta lena rialaítear cumhachtaí agus dualgais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leagtha amach in Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 1923 agus in Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.
- 2.3 Foráiltear le halt 6 d'Acht 1923 go ndéanfaidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste rialáil ar sheoladh ghnó inmheánach na hOifige.
- 2.4 Tugtar de chead le hAlt 16 d'Acht 1993 do ARC&C feidhmeanna a tharmligeann chuig oifigeach (seachas iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa ranna rialtais agus tuarascálacha áirithe a dhéanamh).


Aire Airgeadais

- 2.5 Chun críocha phróiseas na Meastachán amháin, tá Oifig ARC&C mar chuid den Ghrúpa Vótaí Airgeadais.

Róil agus Freagrachtaí

- 2.6 Sannann ARC&C róil agus freagrachtaí don fhoireann nó faoina údarás de réir na reachtaíochta. Tá cur síos ar na róil éagsúla do gach grád leagtha amach ar an gcéad leathanach eile.
- 2.7 De réir théarmaí Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956 (arna leasú), is iad ARC&C agus an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchóireachta na húdaráis chuí (de réir mar a bheidh) maidir le státseirbhísigh na hOifige a rialú.
- 2.8 Tá an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchóireachta freagrach as riarachán iomlán na hOifige lena n-áirítear acmhainní daonna, feidhmeanna airgeadais, saoráidí agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Mar Oifigeach Cuntasaíochta tá sé nó sí freagrach as úsáid acmhainní na hOifige.
- 2.9 Tá údarás tarmligthe ag Stiúrthóirí Iniúchóireachta agus ag Leas-Stiúrthóirí, faoi réir coinníollacha áirithe, chun tuairim iniúchóireachta a sholáthar thar ceann ARC&C ar chuntais comhlachtaí poiblí áirithe. Féadfaidh an t-údarás tarmligthe a bheith ag Stiúrthóir chun creidmheasanna a dheonú ar an Státchiste ar scór éilithe don Aire Airgeadais nó thar ceann an Aire Airgeadais.

2.10 Tá na rólí agus na freagrachtaí ag gach leibhéal leagtha amach thíos.



Ról an Oifigigh Cuntasaíochta

- 2.11** Tá an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchóireachta, ina c(h)áil mar Oifigeach Cuntasaíochta, freagrach as riaradh na gcistí agus as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais. Sannann an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe an fhreagracht air/uirthi as Cuntas Leithreasa bliantúil na hOifige a ullmhú de réir Alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866.¹
- 2.12** Tá cuntas níos iomláine ar ról an Oifigigh Cuntasaíochta i gCaibidil 3.

Ról Rialachais na Foirne uile

- 2.13** I dteannta na ról rialachais ar leith a pléadh thuas, tá ról sonrach le himirt ag baill foirne eile maidir le dea-rialachas a chinntiú laistigh den Oifig i réimsí corparáideacha agus feidhme eile amhail acmhainní daonna, bainistíocht riosca, soláthar, cosaint sonraí, sláinte agus sábháilteacht, airgeadas, Saoráil Faisnéise, Nochtadh Cosanta, etc.
- 2.14** Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag gach ball foirne san Oifig maidir le comhthiomantas a thabhairt do dhea-rialachas na hOifige trí cheanglais an chreata seo, fógraí agus beartais na hOifige, ciorcláin na státseirbhíse agus cloí leis na cóid iompair ábhartha i bhfeidhmiú a gcuid dualgas.


¹ Ní mór don Oifigeach Cuntasaíochta an Cuntas Leithreasa a ullmhú agus a thíolacadh lena iniúchadh faoin 31 Márta den bhliain tar éis na bliana lena mbaineann an cuntas.

Caibidil 3 – Struchtúir Rialachais

Cé gur díríodh sa chaibidil roimhe seo ar ról agus freagrachtaí rialachais, is é cuspóir na caibidle seo ná sainchúram agus príomhthéarmaí tagartha an Bhoird Iniúcháireachta, an Bhoird Bainistíochta, na gCoistí agus struchtúir bhainistíochta eile a leagan amach.

Cúlra don Struchtúr Rialachais

- 3.1** Mar atá leagtha amach i gCaibidil 2, tá an chumhacht reachtúil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun gnó na hOifige a rialú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh aige, tugann Bord Iniúcháireachta agus Bord Bainistíochta cúnamh dó.
- 3.2** Is gnéithe lárnacha de shocruithe rialachais chorporáidigh iad an Bord Iniúcháireachta agus an Bord Bainistíochta, ag comhaontú an raoin gnéithe eile agus, trína ról ghrinnscrúdaithe, ag formhaoirsiú na mbeartas, na bpleannanna agus éifeachtacht na ngnéithe eile sin. Feidhmíonn gach Bord faoi théarmaí tagartha a ndéantar athbhreithniú rialta orthu.
- 3.3** Tá an struchtúr rialachais foriomlán leagtha amach sa léaráid thíos. Tá gnéithe eile den chreat rialachais agus dearbhaithe amhail an Coiste Iniúcháireachta, an Coiste Bainistíochta Riosca, an Coiste Stiúrtha TF agus an Fóram Slándála Faisnéise leagtha amach i gCaibidil 4.



Bord Iniúcháireachta

- 3.4** Is é sainchúram an Bhoird Iniúcháireachta freagracht iomlán a bheith air as beartas iniúcháireachta agus as gach ní straitéiseach agus oibriúcháin. Agus a ról á chomhlíonadh aige, tugann sé aird ar an obair atá tarmlichte chuig an mBord Bainistíochta.
- 3.5** Cuimsíonn an Bord Iniúcháireachta an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Rúnaí agus na Stiúrthóirí Iniúcháireachta eile.
- 3.6** Tagann an Bord le chéile ar a laghad trí huaire sa bhliain agus de réir mar is gá. Déantar an gnó a dhéantar ag an mBord, agus na gníomhartha a theastaíonn, a thaifeadadh i miontuairiscí a fhoilsítear ar Inlín na hOifige. Féadfar glaoch ar bhaill foirne eile ón Oifig freastal ar chruinnithe de réir mar is cuí. Cuireann Leas-Stiúrthóir an Rúnaíocht ar fáil.
- 3.7** Tá Téarmaí Tagartha an Bhoird Iniúcháireachta le fáil in Aguisín I.

An Bord Bainistíochta

- 3.8** Cuimsíonn an Bord Bainistíochta an Rúnaí (Cathaoirleach), na Stiúrthóirí agus na Leas-Stiúrthóirí. Féadfar glaoch ar bhaill foirne eile ón Oifig chun freastal ar chruinnithe de réir mar is cuí. Soláthraíonn Seirbhísí Lárnacha an rúnaíocht do na cruinnithe.
- 3.9** Feidhmíonn an Bord Bainistíochta de réir phrionsabail na rannpháirtíochta comhroinnte agus na freagrachta pearsanta agus corparáidí as rath oibríochtúil na hOifige ar fad chun tacú leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, leis an Oifigeach Cuntasaíochta agus leis na Stiúrthóirí eile i gcomhlíonadh a ról reachtúil agus Oifige.
- 3.10** Faoi threoir ghinearálta agus stiúradh ginearálta an Bhoird Iniúcháireachta, is é sainchúram an Bhoird Bainistíochta ná
- moltaí a dhéanamh don Bhord Iniúcháireachta maidir le treo straitéiseach na hOifige, lena n-áirítear a misean, a fíis, a luachanna agus a cuspóirí straitéiseacha
 - cur chun feidhme na mbeartas agus na gclár a fhorbairt, a chur chun cinn agus a fhorghaoirsiú ar aon dul le treo straitéiseach na hOifige
 - na pleananna straitéiseacha agus bliantúla gnó a fhorbairt agus a fhorghaoirsiú
 - monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcoinne pleananna, buiséid agus spriocanna corparáideacha
 - formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht straitéiseach foirne, airgeadais, faisnéise, acmhainní fisiciúla
 - socruithe rialachais chorporáidigh a bhunú agus a fhorghaoirsiú
 - freagairtí ar thuarascálacha seachtracha (ar chúrsaí oibriúcháin) a mholadh don Bhord Iniúcháireachta nuair is cuí agus
 - aon nithe eile a bhreithniú de réir mar a mheastar é a bheith cuí.
- 3.11** Cuireann an Bord Bainistíochta comhairle ar an mBord Iniúcháireachta maidir le gach príomhcheist a bhaineann leis an Oifig. Is iondúil go gcoimeádtar nithe le haghaidh comhphlé agus comhaontú ag an mBord Bainistíochta.
- 3.12** Ról eile atá ag an mBord Bainistíochta is ea ról mar fhóram cumarsáide. Tá an Bord Bainistíochta lárnach maidir le cumarsáid inmheánach éifeachtach a sholáthar. Nuair is cuí, ba cheart faisnéis a scaiptear ar an mBord Bainistíochta a chur in iúl trí na struchtúir shinsearacha níos leithne agus a scaipeadh ar fud na heagraíochta ar fad.
- 3.13** Tá téarmaí tagartha an Bhoird Bainistíochta leagtha amach in Aguisín II.

Ról an Oifigigh Cuntasaíochta

- 3.14** Tá an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúcháireachta ina ról mar Oifigeach Cuntasaíochta freagrach do Dháil Éireann (trí CCP) as caitheamh cuí cistí ag an Oifig. Tá gach Oifigeach Cuntasaíochta freagrach go pearsanta as cistí poiblí agus réadmhaoin atá faoina c(h)umas a chumhdach, as rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart ar fad i ngach Cuntas Leithreasa ar a bhfuil a s(h)íniú agus as éifeachtúlacht agus barainneacht riaracháin ina Roinn. Ní féidir le hOifigeach Cuntasaíochta an fhreagracht seo a tharmligean chuig fo-oifigigh.
- 3.15** Tá Oifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as a chinntiú go bhfuil cead caiteachais faighte ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.
- 3.16** Ní mór don Oifigeach Cuntasaíochta, nuair a iarrtar air/uirthi amhlaidh, láithriú os comhair CCP chun aon cheisteanna a eascraíonn as a chuid freagrachtaí nó a cuid freagrachtaí a fhreagairt. Le linn dó nó di fianaise a thabhairt do CCP, ní fhéadfaidh an tOifigeach Cuntasaíochta tuairim a thabhairt ar thuillteanais aon bheartais ná ar thuillteanais chuspóirí aon bheartais den sórt sin.

Struchtúir Bhainistíochta Eile

- 3.17** Mar a mhínítear i gCaibidil 2, tá an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúcháireachta freagrach as riarachán foriomlán na hOifige, lena n-áirítear acmhainní daonna, feidhmeanna airgeadais, saoráidí agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Tá na struchtúir bhainistíochta seo a leanas i bhfeidhm chun cabhrú leis nó léi an ról sin a chomhlíonadh.

Bainisteoir Airgeadais

- 3.18** Is é ról an Aonaid Airgeadais atá faoi cheannas an Bhainisteora Airgeadais ná cabhrú le bainistíocht fhoriomlán ghnóthaí airgeadais na hOifige. Áirítear leis sin córas rialaithe airgeadais a leabú, leithscaradh dualgas agus cuntasacht, faireachán, anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas in aghaidh na mbuiséad comhaontaithe agus cuntais a ullmhú ag deireadh gach bliana airgeadais lena n-iniúchadh ag na hIniúcháirí Seachtracha.
- 3.19** Ullmhaíonn an Bainisteoir Airgeadais an ráiteas caiteachais míosúil in aghaidh an bhuiséid phróifílithe agus cuireann sé faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí é mar chuid den phróiseas monatóireachta buiséid.

Oifigeach Pearsanra

- 3.20** Gníomhaíonn an Leas-Stiúrthóir (Seirbhísí Lárnacha) mar Oifigeach Pearsanra agus faigheann sé cúnamh ón mBainisteoir Acmhainní Daonna. Is é an ról atá aige nó aici ná a chinntiú go gcuirtear téarmaí agus ceanglais na reachtaíochta is infheidhme agus na gclárclán ón Roinn Caiteachais Phoiblí i bhfeidhm san Oifig.

Oifigeach Soláthair

- 3.21** Comhlíonann Ardoifigeach Feidhmiúcháin ról an Oifigigh Soláthair, agus é nó í ag tuairisciú don Bhainisteoir Airgeadais. Is é an ról a chinntiú go gcomhlíonann beartas soláthair, nósanna imeachta soláthair agus cleachtais soláthair na hOifige dlí AE agus na Treoirínte Náisiúnta.
- 3.22** Cuireann an tOifigeach Soláthair tacaíocht agus comhairle ar fáil don fhoireann de réir mar is gá agus chun a chinntiú go gcomhlíonann an soláthar dlí AE agus na Treoirínte Náisiúnta.

Sláinte agus Sábháilteacht

- 3.23** Tá freagracht fhoriomlán ar an Rúnaí as sláinte agus sábháilteacht laistigh den Oifig. Tá Ráiteas Sábháilteachta ag an Oifig mar a cheanglaítear le halt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Is é príomhfhócas na sláinte agus na sábháilteachta ná tionóiscí, tinnis agus teagmhais chontúirteacha san ionad oibre a chosc. Cuirtear na baill foirne ar fad ar an eolas faoin ráiteas sábháilteachta agus faoina gcuid freagrachtaí.
- 3.24** Is é an Bainisteoir Saoráidí (Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta) atá freagrach as nósanna imeachta sláinte agus sábháilteachta na hOifige a fheidhmiú ó lá go lá.

Taifid agus Sonraí

- 3.25** Tá an Oifig tiomanta dá chinntiú go gcomhlíonann gach fostaí an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, maidir leo seo a leanas:
- próiseáil agus rúndacht aon sonraí pearsanta atá i seilbh na hOifige
 - cearta príobháideachta daoine aonair faoin reachtaíocht.
 - bagairtí agus rioscaí a bhaineann le ríomhphost, glórphost, téacs teiléafóin agus an tIdirlíon a íoslaghdú agus trína chinntiú go bhfuil na caighdeáin phearsanta agus ghairmiúla is fearr mar bhonn agus thaca ag úsáid na dteicneolaíochtaí sin agus go gcuirtear an fhoireann ar an eolas faoina gcearta agus faoina bhfreagrachtaí ina leith sin.
 - nósanna imeachta i gcás sárú ar shlándáil sonraí.
 - eisceachtaí d'fhorálacha an Achta um Chosaint Sonraí.
- 3.26** Comhlíonann an dóigh a mbainistíonn Oifig taifid agus sonraí an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986, RGCS agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Coinníonn an Oifig córas clárlainne comhad freisin ina ndéantar taifeadadh agus rianú ar gach comhad cóipe crua chun a chinntiú go gcoimeádtar taifid de réir na gceanglas reachtúil. Déanann an Bainisteoir Saoráidí formhaoirsiú ar an gcóras clárlainne comhad. Chomh maith le ceanglais ghinearálta reachtaíochta, ceanglaítear ar an bhfoireann cloí le beartais TFC agus slándála sonraí na hOifige.
- 3.27** Tá Fóram Slándála Faisnéise bunaithe againn (féach Caibidil 4) chun formhaoirseacht a dhéanamh ar na próisis um shlándáil faisnéise agus um chosaint sonraí san Oifig. Tá baill den bhainistíocht shinsearach agus baill foirne eile laistigh den Oifig ar an bhFóram. Táimid tar éis freagracht as cosaint sonraí a shannadh d'Oifigeach Cosanta Sonraí a thuairiscíonn don Fhóram. Is é ról an Oifigigh Cosanta Sonraí ná clár cosanta sonraí na hOifige a chothabháil agus a nuashonrú; aon iarrataí ar rochtain d'ábhar sonraí a bhainistiú; aon sárúithe ar shlándáil sonraí nó teagmhais cailleanais sonraí a bhainistiú; comhairle agus cúnamh a sholáthar don fhoireann ar shaincheisteanna cosanta sonraí agus, nuair is gá, comhairle dlí a choimisiúnú; formhaoirseacht a dhéanamh ar sholáthar oiliúna agus treorach um chosaint sonraí don fhoireann; an beartas um chosaint sonraí agus na doiciméid ghaolmhara a chothabháil agus a nuashonrú; comhairle a chur ar an bhfoireann bainistíochta maidir le comhlíonadh na reachtaíochta; agus iniúchtaí sonraí pearsanta a bhainistiú má éilíonn an fhoireann bhainistíochta amhlaidh.
- 3.28** Tá an Bainisteoir TFC freagrach as an gcéad líne chosanta maidir le cosaint sonraí leictreonacha trí rialuithe agus saoráidí cuí a bhunú sa timpeallacht TFC, lena n-áirítear creat-chomhaontú rannpháirtíochta iomchuí a chothabháil chun sonraí arna n-óstáil ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais a chumhdach agus a chosaint.

- 3.29** Bíonn gach duine san Oifig freagrach as sonraí a chosaint ó lá go lá (go leictreonach agus ar pháipéar).

Oifigeach Saorála Faisnéise

- 3.30** Dearbhaítear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, an ceart atá ag daoine den phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil a mhéid is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus le ceart daoine aonair chun príobháideachta. Le hAlt 42 den Acht, cuirtear srian ar chur i bhfeidhm an Achta maidir le taifead a bhaineann le hiniúchadh, cigireacht, imscrúdú nó scrúdú a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Foilsítear faisnéis maidir le hiarraidh Saorála Faisnéise a dhéanamh ar láithreán gréasáin na hOifige mar aon leis an seoladh poist nó ríomhphoist ar cheart na hiarratais sin a sheoladh chuige. (www.audit.gov.ie)

Nochtaí Cosanta

- 3.31** Tá beartais agus nósanna imeachta glactha ag an Oifig maidir le baill foirne a thuairiscíonn éagóiritheoireacht mar atá leagtha amach san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú ag an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022. Cuireadh treoir in iúl don fhoireann inar fíor an méid seo a leanas:
- tugtar sainmhíniú ar éagóiritheoireacht (lena n-áirítear calaois)
 - i bhfianaise na rioscaí a bhaineann le calaois, tugtar sa doiciméad aird agus treoir shonrach do na baill foirne ar fad maidir lena ndualgaí agus a bhfreagrachtaí i ndáil le calaois agus cásanna amhrasta calaoise i ndáil le hacmhainní na hOifige
 - leagtar amach na céimeanna agus na coimircí trína bhféadfaidh baill foirne, faoi rún, ábhair imní a chur in iúl maidir le héagóiritheoireacht, le gníomhaíocht chalaoiseach amhrasta nó le gníomhaíocht chalaoiseach iarbhír
 - leagtar amach na coimircí reachtúla don fhoireann a ardaíonn ábhair imní den sórt sin agus nósanna imeachta inmheánacha na hOifige chun déileáil le nochtaí.
- 3.32** Is ar bhainisteoirí líne atá an fhreagracht ó lá go lá as éagóiritheoireacht, lena n-áirítear calaois, a bhrath agus a chosc, agus iad freagrach astu seo a leanas:
- na rioscaí a bhfuil córais, oibríochtaí agus nósanna imeachta faoina lé a shainaitheint,
 - rialuithe éifeachtacha a fhorbairt agus a chothabháil chun calaois a chosc agus a bhrath,
 - a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh rialuithe,
 - ionductú agus oiliúint rialta a sholáthar d'fhostaithe a bhfuil baint acu le córais rialaithe inmheánaigh chun a chinntiú go gcuirtear béim ar a bhfreagrachtaí agus go neartaítear iad go rialta, agus
 - leithscaradh dualgas a chinntiú, seiceálacha maoirseachta a dhéanamh agus uainíocht na bhfostaithe a choinneáil faoi athbhreithniú.

Coiste Comhpháirtíochta

- 3.33** Tá an Coiste comhdhéanta d'ionadaithe bainistíochta agus foirne chun cuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn agus cur le nuachóiriú na hOifige trí chomhairliúchán agus trí rannpháirtíocht agus comhoibriú gach duine lena mbaineann.
- 3.34** Tá téarmaí tagartha an Choiste leagtha amach in Aguisín III.

Caibidil 4 – Socruithe Iniúcháireachta, Dearbhaithe agus Comhlíonta

Tá ról agus freagrachtaí rialachais agus struchtúir bhainistíochta leagtha amach sna caibidlí roimhe seo. Is é cuspóir na caibidle seo ná eagrú feidhmeanna laistigh den Oifig a thacaíonn le comhlíonadh ár gcuspóirí, na socruithe iniúcháireachta agus dearbhaithe agus creat comhlíonta a leagan amach.

Tuairisciú ar Rialuithe Inmheánacha

- 4.1** Cuirtear Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais ar fáil gach bliain i gcomhar le Cuntas Leithreasa na hOifige. Tá sé faoi réir athbhreithniú iniúcháireachta neamhspleách. Sa ráiteas sin, admhaíonn an tOifigeach Cuntasaíochta an fhreagracht atá uirthi nó uirthi as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Oifig.
- 4.2** Admhaíonn sé nó sí gur próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht. Mar chuid den phróiseas, tá coiste iniúcháireachta agus feidhm iniúcháireachta inmheánaí i bhfeidhm.

An Coiste Iniúcháireachta

- 4.3** Ag eascairt ó mholtaí Thuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta (Tuarascáil Mullarkey), ceanglaítear ar gach roinn nó oifig státseirbhíse Coiste Iniúcháireachta a bhunú. Tugann an Coiste Iniúcháireachta comhairle don Oifigeach Cuntasaíochta ar gach ní a bhaineann le bainistíocht riosca, rialú inmheánach, rialachas agus tuairisciú seachtrach agus féachann sé le forbairt dea-chleachtais a chothú go ginearálta maidir le seoladh na hiniúcháireachta inmheánaí, na bainistíochta riosca agus an tuairiscithe sheachtraigh san Oifig.
- 4.4** Tá an Coiste Iniúcháireachta comhdhéanta de chúigear comhaltaí seachtracha. Freastalaíonn an Rúnaí agus na Stiúrthóirí Iniúcháireachta ar gach cruinniú chun tacú le hobair an Choiste.
- 4.5** Feidhmíonn an Coiste faoi chairt scríofa a chomhaontaítear leis an Oifigeach Cuntasaíochta.
- 4.6** Tacaíonn an Coiste leis an gcóras cuntasachta san Oifig trí chomhairle neamhspleách a thairiscint agus, go háirithe, trí na nithe seo a leanas:
- a fhormhaoirseacht ghinearálta ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí agus a chomhairle don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le feidhmiú agus forbairt na feidhme sin.
 - a athbhreithniú ar nósanna imeachta bainistíochta riosca na hOifige agus a chomhairle ina leith
 - a mhonatóireacht leanúnach ar chlár rioscaí na hOifige agus ar shaincheistean a bhaineann le TFC
 - a athbhreithniú agus a thráchtairacht ar thuarascálacha bliantúla airgeadais agus feidhmíochta na hOifige
 - a mheasúnú ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí ceartaitheacha comhaontaithe.

Iníúchóireacht Inmheánach

- 4.7** Soláthraíonn gnólacht iníúchóireachta seachtraí seirbhísí iníúchóireachta inmheánaí faoi chonradh. Is le cairt scríofa ar leith a chomhaontaigh an Coiste Iníúchóireachta agus an tOifigeach Cuntasaíochta a rialaítear obair na feidhme Iníúchóireachta Inmheánaí. Comhaontaítear plean meántéarmach cúraimí leis an gCoiste ar bhonn na saincheistanna agus na rioscaí a shainaithnítear. Déantar athbhreithniú bliantúil ar an bplean i bhfianaise rioscaí atá ag teacht chun cinn nó a bhíonn ag athrú agus féadfar leasuithe a dhéanamh ar an bplean nuair is gá.
- 4.8** Is é an tOifigeach Cuntasaíochta a choimisiúnaíonn na réimsí atá le scrúdú ag iníúchtaí inmheánacha, agus déanann an Coiste Iníúchóireachta maoirsiú ar an bpróiseas.

Bainistíocht riosca

- 4.9** Tá creat bainistíochta riosca ag an Oifig a fheidhmíonn de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí. Tá gach ball foirne freagrach as bainistíocht riosca.
- 4.10** Áirítear leis an gcreat bainistíochta riosca rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú, bearta maolaithe cuí a dhéanamh agus monatóireacht agus tuairisciú leanúnach a dhéanamh ar fhorbairtí i ndáil le rioscaí. Tá sásraí i bhfeidhm don fhoireann chun rioscaí a thuairisciú.
- 4.11** Coinníonn an Coiste Bainistíochta Riosca, atá comhdhéanta de na Stiúrthóirí Iníúchóireachta, éifeachtacht an phróisis bainistíochta riosca faoi athbhreithniú leanúnach. Breithníonn an Bord Bainistíochta bainistíocht riosca ag a chruinnithe míosúla agus déantar athbhreithnithe ar bhonn leanúnach ar an gclár rioscaí, ar an bplean cóireála riosca agus ar an mbeartas bainistíochta riosca, de réir mar a thagann cúrsaí chun cinn. Cuirtear an fhoireann ar an eolas go rialta faoi na príomhrioscaí atá roimh an Oifig.
- 4.12** Cuireann an Coiste Bainistíochta Riosca tuarascáil bhliantúil ar a ghníomhaíochtaí agus measúnú ar bhainistíocht riosca i láthair an Choiste Iníúchóireachta.

Fóram Slándála Faisnéise

- 4.13** Déanann an tOifigeach Cosanta Sonraí monatóireacht ar shlándáil faisnéise agus tuairiscíonn sé nó sí d'Fhóram Slándála Faisnéise ar a bhfuil triúr Leas-Stiúrthóirí Iníúchóireachta, an Bainisteoir TFC, agus baill foirne eile. Déanann an fóram formhaoirsiú ar chur chun feidhme na mbeartas slándála agus na bpleananna slándála.
- 4.14** Tá beartas slándála i bhfeidhm ina gcuirtear síos ar chuspóirí foriomlána na hOifige maidir le déileáil le rioscaí slándála, le sannadh ról agus feidhmeanna maidir le slándáil agus ceanglais slándála ardleibhéil. Déantar athbhreithniú bliantúil ar an mbeartas agus ar na pleananna slándála, nó níos luaithe má tharlaíonn athruithe a mbíonn tionchar acu ar rioscaí slándála nó ar an timpeallacht slándála.
- 4.15** Tá an Fóram Slándála Faisnéise freagrach astu seo a leanas:
- athbhreithniú a dhéanamh ar imscrúdú agus tuairisciú teagmhas slándála agus as monatóireacht a dhéanamh ar an ngníomhaíocht a dhéantar mar fhreagairt do theagmhais slándála
 - clár rioscaí an chórais bainistíochta slándála faisnéise (ISMS) a athbhreithniú agus rioscaí meánráitille nó níos airde a chur in iúl don choiste bainistíochta riosca

1 Is é ISO 27001 Córais Bainistíochta Slándála Faisnéise an caighdeán dea-chleachtais idirnáisiúnta maidir le slándáil faisnéise. Soláthraíonn ISO 27001 sraith ceanglas caighdeánaithe maidir le córas bainistíochta slándála faisnéise. Tugadh deimhniú ISO 27001 isteach san Oifig in 2009.

- freagrachtaí ábhartha an fhórait a cheanglaítear faoin ISMS a bunaíodh chun críocha deimhniú ISO 27001 a chomhlíonadh¹
- comhaltas fhochoiste ISMS an fhórait slándála faisnéise a bhunú agus a chothabháil chun clár rioscaí an ISMS a athbhreithniú roimh chruinnithe an fhórait slándála faisnéise agus as tuarascáil a sholáthar ar aon athruithe ar an gclár don fóram
- athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar leorgacht na mbeartas agus na nósanna imeachta slándála reatha
- beartais slándála nua nó leasuithe ar bheartais slándála reatha a mholadh don Bhord Bainistíochta de réir mar a thagann siad chun cinn
- formhaoirsiú a dhéanamh, trí chomhaltaí an fhórait, ar chur chun feidhme na mbeartas agus na nósanna imeachta sin
- measúnú riosca slándála bliantúil a dhéanamh agus plan cóireála riosca a ullmhú lena mbunaítear na rialuithe riachtanacha le haghaidh bainistíocht éifeachtach slándála
- tuairisciú bliantúil a thabhairt don bhord bainistíochta chun go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an mbord bainistíochta de réir chlásal 9.3 de ISO 27001
- athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar ról agus freagrachtaí an fhórait agus oifigeach gaolmhar
- a chinntiú go sanntar freagracht chuí as gach ceanglas reachtach a shainaithint agus a chomhlíonadh (e.g., RGCS, na hAchtanna um Chartlann Náisiúnta, na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise) agus cóid chleachtais oifigiúla agus ghairmiúla ábhartha
- feachtas slándála fhoireann na hOifige agus úsáideoirí eile a chinntiú.

4.16 Tagann an Fóram Slándála Faisnéise le chéile gach trí mhí, nó de réir mar is gá. Féadfaidh sé cúraimí sonracha a tharmligean de réir mar is iomchuí agus féadfaidh sé athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht ag a gcruinnithe rialta.

Iniúcháireacht Sheachtrach

4.17 Déanann gnólacht iniúcháirí arna cheapadh faoi Alt 13 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, iniúchadh ar Chuntas Leithreasa na hOifige thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Foilsítear an Cuntas Leithreasa ar láithreán gréasáin na hOifige www.audit.gov.ie

Stiúirtheoir Eitice agus Monatóireachta

4.18 Eascraíonn ceanglais eiticiúla as reachtaíocht eitice, cóid na státseirbhíse agus as ceanglais eiticiúla na gcaighdeán iniúcháireachta gairmiúla. Tá treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas eitice éagsúil ar an Oifig ar áireamh sna lámhleabhair iniúcháireachta agus tuairiscithe airgeadais a chuirtear in iúl don fhoireann.

4.19 Faoi reachtaíocht um eitice, ceanglaítear ar an mbainistíocht shinsearach (leas-stiúirtheoir agus os a chionn) chomh maith le hoifigigh ainmnithe eile (mar shampla, bainisteoir soláthair) dearbhuithe bliantúla leasanna a dhéanamh chomh maith le dearbhuithe ad hoc nuair a d'fhéadfadh coinbhleachtaí leasa a bheith ann. Cinntíonn an Rúnaí go gcuirtear na dearbhuithe bliantúla riachtanacha ar fad i gcrích.

4.20 Faoi caighdeán ghairmiúla, ceanglaítear ar bhaill foirne iniúcháireachta, le haghaidh gach iniúchta nó scrúdaithe a bhfuil baint acu leo, dearbhú a dhéanamh go bhfuil siad ar an eolas faoi cheanglais eiticiúla na hOifige agus a dheimhniú nach bhfuil siad ar an eolas faoi aon choinbhleachtaí leasa nó aon bhagairtí eile dá neamhspleáchas ar an iniúchadh sin.

Comhlíonadh rialacha airgeadais

- 4.21** Cosúil le Ranna Rialtais agus Oifigí eile Stáit, maoinítear an Oifig trí airgead a vótáilann Dáil Éireann go bliantúil. Déantar an t-airgead vótáilte a fhorlíonadh le táillí iniúchta a ghearrtar ar chatagóirí áirithe iniúchtaí. Leis an maoiniú iomlán, déantar soláthar do thuarastail, do chostais foirne agus do chostais tacaíochta. Gearrtar táillí iniúchta ar iniúchtaí ranna neamhrialtasacha agus is ionann iad agus breis is 40% den bhuiséad comhlán.
- 4.22** Tá an tAonad Airgeadais freagrach as próiseáil idirbheart, as an gcuntas leithreasa, as an bpróiseas buiséadaithe, as an bpróiseas baincéireachta, as sonraisc a thabhairt do chliaint, as buiséadú, as tuairisciú feidhmíochta agus as sásraí rialaithe inmheánaigh.
- 4.23** Ceapann an tOifigeach Cuntasaíochta sealbhóir buiséid chun gach ceann de na príomhchatagóirí caiteachais a bhainistiú. Tugann an sealbhóir buiséid breac-chuntas ar an bpróifíl chaiteachais i dtús na bliana agus tuairiscíonn sé nó sí ina dhiaidh sin difríochtaí in aghaidh na próifíle ar bhonn míosúil.
- 4.24** Tuairiscíonn an tAonad Airgeadais don Oifigeach Cuntasaíochta agus don Bhord Bainistíochta ar bhonn rialta, ag leagan amach caiteachas i gcomparáid leis an mbuiséad, réamh-mheastacháin go deireadh na bliana agus mionsonraí faoi bhrúnna/coigilteas caiteachais atá ag teacht chun cinn.
- 4.25** Ar bhonn leanúnach, déanann an tAonad Airgeadais athbhreithniú ar chaiteachas faoi gach ceann de na catagóirí agus téann sé i dteagmháil le sealbhóirí buiséid ábhartha maidir le difríochtaí suntasacha.

Cuntais Leithreasa agus Tuarascálacha Corparáideacha

- 4.26** Ceanglaítear ar an Oifig Cuntas Leithreasa a ullmhú a chuirtear faoi bhráid gnólacht iniúchóireachta seachtraí lena iniúchadh. Foilsítear an cuntas mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí (www.audit.gov.ie).
- 4.27** Ceanglaítear ar na Cuntais Leithreasa ceanglais na Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí agus ordacháin eile an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe a chomhlíonadh. Le linn dó nó di na dualgais sin a chomhlíonadh, tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach go pearsanta as cistí poiblí agus maoin atá faoina rialú a chumhdach, as éifeachtúlacht agus barainneacht riaracháin na hOifige agus as rialtacht agus cuibheas gach idirbheart sa Chuntas Leithreasa.
- 4.28** Foilsíonn an Oifig tuarascáil bhliantúil ina gclúdaítear a feidhmíocht agus príomhfhaisnéis chorporáideach ar a láithreán gréasáin.

Soláthar Seirbhísí Comhroinnte

- 4.29** Bíonn an tOifigeach Cuntasaíochta ag brath ar litreacha dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta atá freagrach as an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte Acmhainní Daonna, seirbhísí comhroinnte Párolla agus seirbhísí comhroinnte Airgeadais. Sna litreacha, tugtar dearbhuithe go gcuirtear na rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte don Oifig seo.

Bainistíocht Feidhmíochta

- 4.30** Tá Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) i bhfeidhm san Oifig. Is é aidhm CBFF cabhrú le bainisteoirí agus le sealbhóirí poist feidhmíocht a bhainistiú agus a fheabhsú.
- 4.31** Is próiseas comhoibríoch débhealaigh é CBFF lena spreagtar an fhoireann agus a mbainisteoirí chun smaoineamh, plé a dhéanamh agus comhaontú ar cad is gá a dhéanamh chun feidhmíocht aonair, feidhmíocht na hOifige agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil a neartú. Tá CBFF ceaptha le bheith ina bhealach cothrom agus éifeachtach chun feidhmíocht a thomhas agus a fhorbairt, trí phlé rialta oscailte, macánta agus cuiditheach idir bainisteoirí agus an fhoireann.
- 4.32** Is gnéithe bunúsacha de bhainistíocht feidhmíochta iad príomhghnéithe an CBFF, i.e., spriocanna a leagan síos, inniúlachtaí a roghnú, spriocanna foghlama agus athbhreithnithe foirmiúla ar fheidhmíocht. Teastaíonn athbhreithniú leanúnach, fianaisebhunaithe agus aiseolas ar fheidhmíocht i rith na bliana chun bainistíocht feidhmíochta éifeachtach a dhéanamh.

Creat Rialaithe Inmheánaigh na hOifige

- 4.33** Le creat rialaithe inmheánaigh na hOifige (ICF), tógtar ar ghnéithe éagsúla de na struchtúir rialachais agus bhainistíochta agus soláthraítear leis forbhreathnú ar gach gníomhaíocht um dhearbhu comhlíonta san Oifig. Sainithnítear sa chreat cé atá freagrach as gach gníomhaíocht.
- 4.34** Feidhmíonn sé mar chreat ar leith chun díriú ar an bhfothacar de chaighdeán rialachais nach mór a chomhlíonadh de réir reachta, de bhun cinntí rialtais, de réir caighdeán ghairmiúla nó ghealltanais shuntasacha riaracháin, agus chun níos mó mionsonraí a thabhairt ina leith. Leagtar amach ann na nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh mionsonraithe atá in úsáid ar fud na hOifige agus úsáidtear é chun monatóireacht a dhéanamh ar oibleagáidí tuairiscithe oibriúcháin.
- 4.35** Tá an ICF ina ghné thábhachtach dá chinntiú go dtugtar aghaidh ar na rioscaí suntasacha atá os comhair na hOifige trí phearsanra cuí a shannadh le freagracht as réimsí aonair a bhainistiú. Is féidir leis na daoine aonair sin aird a tharraingt ar aon saincheistanna tríd an struchtúr rialachais cuí chun a chinntiú go ndéantar rioscaí atá ag teacht chun cinn a thaifeadadh agus a chur i ngníomh.
- 4.36** Shainithin an Oifig na príomhcheanglais chomhlíonta agus an duine aonair ar sannadh freagracht dó nó di mar aon leis na socrúithe comhlíonta atá curtha i bhfeidhm. Tá siad sin leagtha amach in Aguisín IV.

Aguisín I – Téarmaí Tagartha don Bhord Iniúcháireachta

Comhthéacs

Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste freagrach de réir dlí as seoladh ghnó na hOifige lena n-áirítear an chumhacht chun feidhmeanna áirithe a tharmligeán¹. Tá údarás aige maidir le ceapacháin agus rialáil foirne².

Tá Bord bunaithe chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an mbeartas iniúcháireachta³ agus ar gach ní straitéiseach agus oibriúcháin.

San Oifig, is é Rúnaí na hOifige a fheidhmíonn freagrachtaí Oifigigh Cuntasaíochta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí. Mar chuid den eagraíocht fhoriomlán, agus chun tacú leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, tá Bord Bainistíochta bunaithe chun cabhrú leis na freagrachtaí sin a chomhlíonadh. Tá feidhmiú an Bhoird Bainistíochta faoi réir teorach agus stiúrtha an Bhoird Iniúcháireachta.

Is gnéithe lárnacha de shocruithe rialachais chorporáidigh iad an Bord Iniúcháireachta agus an Bord Bainistíochta, ag comhaontú an raoin gnéithe eile agus, trína ról ghrinnscrúdaithe, ag formhaoirsiú na mbeartas, na bpleananna agus éifeachtacht na ngnéithe eile sin.

Comhaltas

Cuimsíonn an Bord Iniúcháireachta:

- an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- An Rúnaí agus Stiúrthóirí Iniúcháireachta eile.

Tinreamh Daoine Eile

Féadfar glaoch ar bhaill foirne eile ón Oifig chun freastal ar chruinnithe de réir mar is cuí. Cuireann Leas-Stiúrthóir an Rúnaíochta ar fáil.

Sainchúram

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord Iniúcháireachta as beartas iniúcháireachta agus as gach ní straitéiseach agus oibriúcháin. Agus a ról á chomhlíonadh aige, beidh aird aige ar an obair a tharmligfear chuig an mBord Bainistíochta.

Cinntí atá forchoimeádta don Bhord Iniúcháireachta

Tá na cinntí seo a leanas forchoimeádta don Bhord Iniúcháireachta:

- Straitéis oifige agus eochairtháscairí feidhmíochta
- Athruithe ar chaighdeán iniúcháireachta agus ar bheartas
- Teorainneacha tarmलगin
- Iniúchtaí beartaithe don EQR
- Athruithe ar Nochtaí d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Beartas Labhairt Suas

Cruinnithe

Tiocfaidh an Bord le chéile ar a laghad trí huair sa bhliain agus de réir mar is gá.

1 Alt 6 agus 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 1923 agus alt 16 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

2 Alt 4 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 1923 arna leasú, agus an tAcht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956, arna leasú

3 Áirítear leis an mbeartas iniúcháireachta gach saincheist a bhaineann le sainordú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, le hiniúcháireacht airgeadais, le scrúduithe agus le hiniúchtaí.

Iompar

Nuair a bhíonn saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar an Oifig iomlán á bplé, tá freagracht ar gach comhalta den Bhord gníomhú ar mhaithe le leas na hOifige ina hiomláine.

Beifear ag súil go nglacfaidh comhaltaí Boird dearcadh corparáideach ar shaincheisteanna atá roimh a sainréimsí leasa, sa mhéid nach bhfuil sé sin ar neamhréir le freagrachtaí Oifigigh Cuntasaíochta, go ndéanfaidh siad dianscrúdú agus ceistiú ar na saincheisteanna corparáideacha go léir os comhair an Bhoird agus go ndéanfaidh siad amhlaidh ar bhealach cuiditheach.

Coinbhleachtaí leasa

Tá comhaltaí Boird freagrach as comhairle a chur ar an mBord Iniúchóireachta maidir le haon leasanna seachtracha a d'fhéadfadh teacht salach ar a gcuid dualgas agus freagrachtaí.

Is mír bhuan ar chlár oibre an Bhoird é dearbhú coinbhleachtaí leasa. I gcás ina ndearbhaíonn comhalta coinbhleacht leasa maidir le mír áirithe ar an gclár, fágann an comhalta an cruinniú nuair a bhíonn an mhír sin ar an gclár oibre á breithniú agus déantar é sin a thaifeadadh sna miontuairiscí. I gcásanna den chineál sin, tá cosc ar chomhaltaí plé a dhéanamh le comhaltaí eile den Bhord nó canbhasáil a dhéanamh orthu faoin ní is cúis leis an gcoinbhleacht agus ní mór dóibh gan féachaint le tionchar a imirt ar aon chinneadh de chuid an Bhoird maidir leis an ní sin.

Miontuairiscí na gCruinnithe

Déantar an gnó a dhéantar ag an mBord, agus na gníomhartha a theastaíonn, a thaifeadadh i miontuairiscí a fhoilsítear ar Inlíon na hOifige.

Athbhreithniú/Meastóireacht

Tá na téarmaí tagartha seo faoi réir cheadú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus déanfar iad a athbhreithniú go bliantúil.

Aguisín II – Téarmaí Tagartha don Bhord Bainistíochta

Comhthéacs

Foráiltear le freagrachtaí Oifigigh Cuntasaíochta atá leagtha amach i Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí go bhfuil freagracht phearsanta air nó uirthi as eagrú, bainistíocht agus soláthar foirne foriomlán Roinne/Oifige (úsáidfear an téarma Oifig tríd síos) agus as nósanna imeachta ar fud na hOifige uile, nuair is cuí, i gcúrsaí airgeadais agus eile. In Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, is é an tOifigeach Cuntasaíochta Rúnaí na hOifige. Mar chuid den eagraíocht fhoriomlán, agus chun tacú leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, tá Bord Bainistíochta bunaithe. Leagtar amach sa doiciméad seo comhaltas, ról agus freagrachtaí an Bhoird Bainistíochta. (Tabhair faoi deara – tagraíonn an téarma 'Bord' don Bhord Bainistíochta. Tagraítear don Bhord Iniúcháireachta agus a theideal iomlán á úsáid).

Cabhraíonn an Bord leis an Rúnaí a chuid freagrachtaí nó a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le socruithe rialachais chorporáidigh na hOifige a bhunú agus a fhorfhaoirsiú. Is gné lárnach de shocruithe rialachais chorporáidigh é an Bord é féin, ag comhaontú an raoin gnéithe eile agus, trína ról grinnscrúdaithe, ag formhaoirsiú na mbeartas, na bpleananna agus éifeachtacht na ngnéithe eile sin.

Comhaltas

Cuimsíonn an Bord:

- an Rúnaí (cathaoirleach)
- na Stiúrthóirí Iniúcháireachta eile
- na Leas-Stiúrthóirí

Tinreamh Daoine Eile

Féadfar glaoch ar bhaill foirne eile ón Oifig chun freastal ar chruinnithe de réir mar is cuí. Soláthraíonn Seirbhísí Lárnacha an rúnaíocht do na cruinnithe.

Sainchúram

Faoi threoir agus stiúradh ginearálta an Bhoird Iniúcháireachta¹, is é sainchúram an Bhoird:

- moltaí a dhéanamh don Bhord Iniúcháireachta maidir le treo straitéiseach na hOifige, lena n-áirítear a misean, a fíis, a luachanna agus a cuspóirí straitéiseacha
- cur chun feidhme na mbeartas agus na gclár a fhorbairt, a chur chun cinn agus a fhorfhaoirsiú ar aon dul le treo straitéiseach na hOifige
- forbairt agus formhaoirsiú a dhéanamh ar chur chun feidhme phleananna straitéiseacha agus gnó na hOifige
- monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcoinne pleananna, buiséad agus spriocanna corparáideacha
- formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht straitéiseach fhoireann, airgeadais, fhaisnéis agus acmhainní fisiciúla na hOifige
- socruithe rialachais chorporáidigh na hOifige a bhunú agus a fhorfhaoirsiú
- freagairtí ar thuarascálacha seachtracha a mholadh don Bhord Iniúcháireachta nuair is cuí
- aon nithe eile a bhreithniú de réir mar a mheastar é a bheith cuí.

¹ Cuimsíonn an Bord Iniúcháireachta an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, an Rúnaí agus an bheirt Stiúrthóirí eile.

Nithe don Bhord

Cuireann an Bord comhairle ar an mBord Iniúchóireachta maidir le gach príomhní a bhaineann leis an Oifig. Go hiondúil bíonn nithe le plé agus le comhaontú go comhchoiteann ag an mBord. Féadfaidh an Bord cinneadh a dhéanamh cinntí a tharmligean de réir mar a mheastar é a bheith cuí. Áirítear ar an raon nithe don Bhord:

- Leithdháiltí acmhainní bliantúla (faoi réir fhaomhadh an Bhoird Iniúchóireachta)
- Tuarascálacha monatóireachta acmhainní/rialaithe airgeadais de chuid na hOifige
- Tuarascáil chorporáideach
- Acmhainní daonna corporáideacha/pleanáil chorporáideach
- Nithe a bhaineann le cóiríocht chorporáideach
- Pleananna gnó corporáideacha
- Feidhmíocht chorporáideach [Comhaontuithe Seirbhíse Poiblí agus spriocanna eile plan gnó]
- Socruithe/saincheisteanna rialachais chorporáidigh
- Formhaoirseacht ar thuarascálacha agus ar nithe a eascraíonn as aon fhochoistí a bhunaítear
- Caiteachas/cinntí infheistíochta suntasacha.

Cruinnithe

De ghnáth, tagann an Bord le chéile aon uair déag sa bhliain. Ní mór naonúr comhaltaí ar a laghad den Bhord Bainistíochta, lena n-áirítear Stiúrthóir amháin ar a laghad, a bheith i láthair chun go measfar córam a bheith aige.

In éagmais an Rúnaí, déanann duine de na Stiúrthóirí eile cathaoirleacht ar an gcruinniú.

Iompar

Nuair a bhíonn saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar an Oifig iomlán á bplé, tá freagracht ar gach comhalta den Bhord gníomhú ar mhaithe le leas na hOifige ina hiomláine.

Beifear ag súil go nglacfaidh comhaltaí Boird dearcadh corporáideach ar shaincheisteanna atá roimh a sainréimsí leasa, sa mhéid nach bhfuil sé sin ar neamhréir le freagrachtaí Oifigigh Cuntasaíochta, go ndéanfaidh siad dianscrúdú agus ceistiú ar na saincheisteanna corporáideacha go léir os comhair an Bhoird agus go ndéanfaidh siad amhlaidh ar bhealach cuiditheach.

Coinbhleachtaí leasa

Is mír bhuan ar chlár oibre an Bhoird é dearbhú coinbhleachtaí leasa. I gcás ina ndearbhaíonn comhalta coinbhleacht leasa maidir le mír áirithe ar an gclár, fágann an comhalta an cruinniú nuair a bhíonn an mhír sin ar an gclár oibre á breithniú agus déantar é sin a thaifeadadh sna miontuairiscí. I gcásanna den chineál sin, tá cosc ar chomhaltaí plé a dhéanamh le comhaltaí eile den Bhord nó canbhasáil a dhéanamh orthu faoin ní is cúis leis an gcoinbhleacht agus ní mór dóibh gan féachaint le tionchar a imirt ar aon chinneadh de chuid an Bhoird maidir leis an ní sin.

Plean Oibre Chun Cinn

Faomhfaidh an Bord plan oibre chun cinn don bhliain airgeadais, agus dréachtófar clár oibre catagóirithe a mbeidh comhaltaí aonair ag cur leis do gach cruinniú.

Sábháiltear clár oibre chun cinn rollach 12 mhí san fhilleán comhroinnte um Fhaisnéis Bainistíochta.

Cáipéisí an Bhoird

De ghnáth, seolfar cáipéisí a bheidh le breithniú ag an mBord, a bheidh urraithe ag comhalta Boird ainmnithe, chuig rúnaíocht an Bhoird ar a laghad cúig lá oibre roimh an gcruinniú agus eiseoidh rúnaíocht an Bhoird chuig comhaltaí iad ar a laghad trí lá oibre roimh an gcruinniú.

Nós Imeachta Scríofa

Go heisceachtúil (e.g., i gcás ina dteastaíonn freagra arna cheadú ag an mBord ar iarraidh faoi spriocdháta a thiteann roimh an gcéad chruinniú Boird eile), féadfaidh rúnaíocht an Bhoird cáipéisí a dháileadh ar chomhaltaí an Bhoird lena comhaontú trí ‘nós imeachta scríofa’. Ní gá an t-ábhar a phlé a thuilleadh, ach déanfar é a dhaingniú go foirmiúil ag an gcéad chruinniú Boird eile.

Miontuairiscí na gCruinnithe

Déantar an gnó a dhéantar ag an mBord, agus na gníomhartha a theastaíonn, a thaifeadadh i miontuairiscí a ullmhaíonn an tAonad Airgeadais agus Rialachais. Foilsítear miontuairiscí ar Inlín na hOifige. Féadfar cáipéisí eile a fhoilsiú ar an Inlín le comhaontú an Bhoird.

Coistí eile

Féadfaidh an Bord fochoistí a bhunú chun formhaoirsiú a dhéanamh ar an mBord agus/nó comhairle a sholáthar dó ar réimsí sonracha oibre. Is é an Bord a bhunaíonn cathaoirleacht agus téarmaí tagartha na gcoistí sin. Féadfaidh coistí a bheith faoi cheangal ama nó buan, ag brath ar nádúr na hoibre. Gheobhaidh an Bord tuarascálacha rialta óna fhochoistí.

Athbhreithniú/Meastóireacht

Tá na téarmaí tagartha seo faoi réir fhaomhadh an Bhoird Iniúchóireachta. Athbhreithneoidh an Bord iad go bliantúil agus tabharfar aon athruithe suntasacha a bheidh ag teastáil chuig an mBord Iniúchóireachta le faomhadh.

Déanfaidh an Bord féinmheastóireacht ar bhonn bliantúil chun feidhmíocht agus éifeachtacht a thomhas i gcoinne na dtéarmaí tagartha seo.

Aguisín III – Téarmaí Tagartha don Choiste Comhpháirtíochta

Comhthéacs

Faoi Chomhpháirtíocht 2000 (1996), bhunaigh gach roinn/oifig rialtais coiste comhpháirtíochta ar a raibh an bhainistíocht shinsearach, ionadaithe ceardchumainn, agus an fhoireann. Bhí sé mar aidhm ag an tionscnamh comhpháirtíochta sásra a sholáthar trína ndéanfadh na comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal áitiúil macasamhlú ar an gcur chuige comhpháirtíochta a forbraíodh ar an leibhéal náisiúnta trí chomhshocrú cuspóirí agus trí réiteach neamhachrannach fadhbanna. Is é ról an choiste comhpháirtíochta comhúinéireacht ar an gclár oibre um nuachóiriú a chothú, trí phleananna gníomhaíochta comhaontaithe a fhorbairt, agus páirt a thabhairt don fhoireann i saincheisteanna leanúnacha gnó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (OARC&C).

Tá ról tábhachtach ag struchtúir chomhpháirtíochta maidir le hathrú praiticiúil a chur chun cinn. Mar chumasóirí athruithe, féadann siad a bheith an-úsáideach chun fóram a sholáthar le haghaidh turgnamh agus machnaimh. Is féidir cineálacha nua cur chuige i leith na hoibre a cheapadh agus a thriail trí thionscnaimh chomhpháirtíochta. D'fhéadfadh go n-eascródh tuilleadh oiriúnaithe agus léargais ar an mbealach is fearr chun leanúint leis an bpróiseas nuachóirithe má dhéantar machnamh agus athbhreithniú comhoibríoch ar an taithí.

Comhlánaíonn coiste comhpháirtíochta OARC&C struchtúir, cleachtas agus coinbhinsiúin reatha caidrimh thionsclaíoch, in ionad iad a ionadú.

Is iad cuspóirí na comhpháirtíochta in OARC&C:

- a chinntiú, trí chomhairliúchán agus rannpháirtíocht agus comhoibriú gach duine lena mbaineann, go bhfuil comhúinéireacht ag an mbainistíocht, ag ceardchumainn agus ag an bhfoireann ar fhorbairt agus cur chun feidhme na gclár gníomhaíochta.
- cuspóirí na bainistíochta straitéisí a chur chun cinn agus rannchuidiú le nuachóiriú OARC&C.
- éifeachtacht agus luas freagartha OARC&C maidir leis na dúshláin atá le sárú a éascú.
- feabhsuithe leanúnacha a sholáthar i soláthar seirbhíse, i mbainistíocht acmhainní agus i bhfreagrúlacht eagraíochtúil.
- coinníollacha agus caidreamh san ionad oibre a chruthú a chuidíonn le sásamh poist, inspreagadh agus tiomantas na foirne a mhéadú.
- cur chuige nua rannpháirtíoch a fhorbairt chun saincheisteanna agus dúshláin i gcoitinne a réiteach.

Is é sainchúram na comhpháirtíochta in OARC&C:

- na míreanna ar an gclár oibre a phlé agus tacú go gníomhach le cinntí a dhéantar trí chomhdhearcadh maidir le treo straitéiseach OARC&C, lena n-áirítear a mhisean, a fhís agus a luachanna.
- páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas ar mhaithe le spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha OARC&C a bhaint amach.
- córas cumarsáide éifeachtach a chur chun feidhme lena nasctar gach fostaí leis an bpróiseas comhpháirtíochta.
- gníomhú i gcónaí ar bhealach oscailte macánta atá bunaithe ar mhuinín agus meas ar na rannpháirtithe go léir.
- aon nithe eile a bhreithniú de réir mar a mheastar é a bheith cuí.

Comhaltas

Cuimsíonn an coiste:

- Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta
- Oifigeach Pearsanra
- Suas le beirt ionadaithe ó AHCPs
- Suas le triúr ionadaithe ó Fórsa
- Rogha cuireadh a thabhairt do bhaill eile foirne¹.

Ba cheart do chumainn bhainistíochta agus foirne a gcuid ball a cheapadh go foirmiúil gach bliain.

Tinreamh daoine eile

Is féidir glaoch ar bhaill foirne eile ó OARC&C chun freastal ar chruinnithe de réir mar is cuí agus chun rúnaíocht a sholáthar do na cruinnithe.

Cathaoirleach

Ba cheart don Rúnaí agus don Stiúrthóir Iniúchóireachta cathaoirleacht a dhéanamh ar choiste comhpháirtíochta OARC&C. Mura bhfuil an Rúnaí i láthair, ba cheart don Oifigeach Pearsanra a bheith ar an gcathaoirleach.

Cruinniú

Ba cheart do choiste comhpháirtíochta OARC&C teacht le chéile gach trí mhí ar a laghad, agus é ag déileáil le míreanna eisceachtúla ag cruinnithe breise nó trí nós imeachta scríofa (ríomhphost). Ba cheart sceideal na gcruinnithe a chomhaontú faoi thúis na bliana.

Ní mór ceathrar comhaltaí ar a laghad den choiste, lena n-áirítear ionadaí amháin ar a laghad ó gach cumann foirne agus an Rúnaí agus an Stiúrthóir Iniúchóireachta nó an tOifigeach Pearsanra, a bheith i láthair le go measfar córam a bheith ann don chruinniú. Tá sé tábhachtach a chur in iúl gur cheart don fhoireann agus don bhainistíocht araon míreanna a chur isteach do chlár oibre gach cruinnithe.

Miontuairiscí na gCruinnithe

Déantar an gnó a dhéantar ag cruinniú an choiste agus aon ghníomhartha a thagann chun cinn a thaifeadadh sna miontuairiscí a ullmhaíonn an tAonad Tacaíochta agus Dearbhaithe Rialachais. Ba cheart na miontuairiscí a phostáil ar inlín OARC&C mar fhaisnéis don fhoireann ar fad. Féadfar cáipéisí eile a fhoilsiú ar an inlín le comhaontú an choiste.

Caidreamh leis an mbord bainistíochta

Ba cheart miontuairiscí choiste comhpháirtíochta OARC&C a scaipeadh ar an mbord bainistíochta.

Iompar

Agus saincheisteanna á bplé acu, oibreoidh comhaltaí an choiste struchtúir chomhpháirtíochta ar bhealach oscailte, rannpháirtíoch agus solúbtha ar aon dul le spiorad na comhpháirtíochta. Táthar ag súil go dtabharfaidh comhaltaí an Choiste tacaíocht ghníomhach do chinntí a dhéantar trí chomhdhearadh.

¹ Roghnófar na baill foirne eile ar féidir cuireadh a thabhairt dóibh chun ionadaíocht foirne ilchineálach agus chothrom a chur chun cinn ar an gcoiste.

Coinbhleachtaí Leasa

Is mír bhuan ar chlár oibre an choiste é dearbhú coinbhleachtaí leasa. I gcás ina ndearbhaíonn comhalta coinbhleacht leasa maidir leis an mír áirithe ar an gclár, fágann an comhalta an cruinniú nuair a bhíonn an mhír sin ar an gclár oibre á breithniú agus déantar é sin a thaifeadadh sna miontuairiscí. I gcásanna den sórt sin, tá cosc ar chomhaltaí plé a dhéanamh le comhaltaí eile den choiste nó canbhasáil a dhéanamh orthu faoin ní is cúis leis an gcoinbhleacht agus ní mór dóibh gan féachaint le tionchar a imirt ar aon chinneadh coiste a bhaineann leis an ní sin.

Coistí eile

Féadfaidh an coiste fochoistí a bhunú chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcoiste agus/nó comhairle a thabhairt dó maidir le réimsí sonracha oibre. Is é an coiste a bhunaíonn cathaoirleacht agus téarmaí tagartha na gcoistí sin. Féadfaidh coistí a bheith faoi cheangal ama nó buan, ag brath ar nádúr na hoibre. Gheobhaidh an coiste tuarascálacha rialta óna fhochoistí.

Athbhreithniú/meastóireacht

Tá na téarmaí tagartha seo faoi réir fhaomhadh an choiste agus athbhreithneoidh sé iad ar bhonn bliantúil.

Cairt comhpháirtíochta

Tá an chairt comhpháirtíochta faoi réir fhaomhadh an choiste agus seasann sí go dtí go dteastaíonn nuashonrú.

Aguisín IV – Creat Comhlíonta

Cuirtear sonraí ar fáil faoin Oifigeach Freagrach agus faoin bpróiseas atá i bhfeidhm.

Creat Comhlíonta		
Oibleagáidí Comhlíonta	Oifigeach Freagrach	Socrú Comhlíonta
Cuntais Leithreasa	Rúnaí (Oifigeach Cuntasaíochta)	Ullmhaíonn an tAonad Airgeadais na cuntais seo. Ceanglaítear ar na Cuntais Leithreasa ceanglais reachtúla agus Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí agus teoracha eile an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe a chomhlíonadh. Le linn dó nó di na dualgais sin a chomhlíonadh, tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach go pearsanta as cistí poiblí agus maoinne atá faoina rialú a chumhdach, as éifeachtúlacht agus barainneacht riaracháin ina Ranna agus as rialtacht agus cuibheas gach idirbhirt sna Cuntais Leithreasa. Déantar athbhreithniú air sin mar chuid den phróiseas iniúchóireachta airgeadais bliantúil. Féadfaidh córais airgeadais a bheith faoi réir athbhreithniú na feidhme iniúchóireachta inmheánaí i gcomhréir lena clár oibre ilbhliantúil.
Cáilíocht Iniúchtaí	Rúnaí (Oifigeach Cuntasaíochta) Leas-Stiúrthóir do Sheirbhísí Lárnacha (Stiúrthóir Monatóireachta agus Eitice)	Is ar an Oifigeach Cuntasaíochta atá an fhreagracht deiridh as an gcóras foriomlán rialaithe cáilíochta a oibrítear laistigh den Oifig. Mar Stiúrthóir um Dhearbhu Cáilíochta, déanann an tOifigeach Cuntasaíochta formhaoirsiú ar na gnéithe agus na feidhmeanna éagsúla laistigh den chóras dearbhaithe cáilíochta a chomhlíonann roinnt daoine aonair ag leibhéal na hOifige seachas an leibhéal rannpháirtíochta iniúchóireachta. Faigheann sé nó sí (i) tuarascáil bhliantúil ón Stiúrthóir Monatóireachta agus Eitice maidir le feidhmiú an chórais rialaithe cáilíochta (ii) tuarascálacha breise nuair a thagann saincheisteanna suntasacha chun cinn sa bhliain (iii) tuarascáil bhliantúil ón Stiúrthóir Monatóireachta agus Eitice ar shaincheisteanna suntasacha a tháinig chun cinn sa réimse sin agus gníomhartha a rinneadh agus tuarascálacha breise nuair a thagann saincheisteanna suntasacha chun cinn sa bhliain. Bunaithe ar na tuarascálacha sin, is féidir leis an Stiúrthóir um Dhearbhu Cáilíochta cinntí a dhéanamh ar cé acu is gá aon choigeartuithe ar na socruithe rialaithe cáilíochta nó nach gá. Tá an Stiúrthóir Monatóireachta agus Eitice (Leas-Stiúrthóir ag a bhfuil ról nach mbaineann leis an iniúchóireacht) freagrach as breithniú agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar an gcóras rialaithe cáilíochta, lena n-áirítear cigireacht thréimhsiúil ar rogha de ghníomhaíochtaí críochnaithe. Is é an cuspóir atá le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta um rialú cáilíochta ná meastóireacht a sholáthar ar na nithe seo a leanas: (i) cloí le caighdeáin ghairmiúla agus rialála /

		ceanglais dhlíthiúla; (ii) an bhfuil an córas rialaithe cáilíochta deartha go cuí agus curtha chun feidhme go héifeachtach nó nach bhfuil; agus (iii) an bhfuil beartais agus nósanna imeachta rialaithe cáilíochta na hOifige curtha i bhfeidhm go cuí, ionas go mbeidh na tuairimí iniúchóireachta a eisítear cuí sna himthosca. Tuairiscíonn an Stiúrthóir Monatóireachta agus Eitice go bliantúil don Oifigeach Cuntasaíochta. Cuireann an Coiste Iniúchóireachta an tuarascáil i láthair agus athbhreithníonn sé í.
Na hAchtanna um Chosaint Sonraí	Bainisteoir TFC/ Oifigeach Cosanta Sonraí/ Oifigeach Slándála	Cinntíonn an Bainisteoir TFC go bhfuil an timpeallacht chuí TFC i bhfeidhm mar chéad líne chosanta chun faisnéis phearsanta a chumhdach. Cinntíonn an tOifigeach Cosanta Sonraí go gcuirtear faisnéis agus treoir in iúl don fhoireann maidir le próiseáil shábháilte na sonraí pearsanta go léir. Déanann an tOifigeach Cosanta Sonraí/an tOifigeach Slándála imscrúdú ar aon teagmhais sonraí nó slándála. Déantar athbhreithnithe rialta ar aon dul le próiseas deimhnithe ISO27001.
Reachtaíocht um Míchumas	AD, Bainisteoir F&F / Bainisteoir Saoráidí	Cinntíonn an Bainisteoir AD, F&F go gcloítear leis an reachtaíocht um míchumas ar fad. Foilsíonn agus soláthraíonn an Bainisteoir Saoráidí saoráidí míchumais de réir mar is gá.
Dlí Fostaíochta	Leas-Stiúrthóir do Sheirbhísí Lárnacha	Is feidhm de chuid na Roinne AD é comhlíonadh na ndlíthe fostaíochta. Cinntíonn an tAonad AD, F&F go gcaitear go cothrom agus go cothromasach leis an bhfoireann agus go gcloíonn an próiseas earcaíochta agus ardú céime leis an dlí. Féadfaidh comhlíonadh a bheith faoi réir athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí i gcomhréir lena chlár oibre ilbhliantúil.
Caighdeán Eitice, etc.	Leas-Stiúrthóir do Sheirbhísí Lárnacha (Stiúrthóir Monatóireachta agus Eitice)	Tá an Leas-Stiúrthóir do Sheirbhísí Lárnacha freagrach as faireachán a dhéanamh ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun a chinntiú, nuair is iomchuí, go sainaithnítear bagairtí ábhartha ar shláine, ar oibiachtúlacht agus ar neamhspleáchas agus go ndéantar beart cuí.
Reachtaíocht um eitice	Rúnaí (Oifigeach Cuntasaíochta)	Tá an Rúnaí freagrach as a chinntiú go gcomhlánaíonn gach ball foirne sinsearach agus oifigeach ainmnithe eile na dearbhuithe a cheanglaítear leis na hAchtanna um Eitice in Oifigí Poiblí.
Saoráil Faisnéise (SF)	Bainisteoir Géilliúlachta agus Dearbhaithe (Oifigeach SF)	Tá treoir don reachtaíocht um SF agus na bealaí chun faisnéis a lorg foilsithe ag an Oifig ar a láithreán gréasáin. Déanann an Bainisteoir Géilliúlachta agus Dearbhaithe athbhreithniú agus próiseáil ar gach iarratas SF. Is féidir leis an Leas-Stiúrthóir atá freagrach as Comhlíonadh agus Dearbhú cinntí a athbhreithniú.
An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986	Leas-Stiúrthóir (Seirbhísí Lárnacha)/ Bainisteoir Saoráidí	Tá polasaí bainistithe taifead i bhfeidhm ag an Oifig lena chinntiú go ndéantar bainistiú ceart ar chomhaid de réir reachtaíocht na Cartlainne Náisiúnta. Coinníonn an Oifig córas clárlainne comhad chun cabhrú le bainistiú agus rianú gach comhad cláraithe. Tá an córas sin á bhainistiú ag an Aonad Saoráidí.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	Gach bainisteoir líne	Cuireann gach ball foirne a gcuid ama isteach ar chóras taifeadta ama ríomhairebhunaithe. Déanann an tAonad F&F de chuid Acmhainní Daonna taifid ama na foirne a bhainistiú agus a athbhreithniú.
Nochtadh Cosanta (foireann)	Leas-Stiúrthóir do Sheirbhísí Lárnach	Soláthraítear leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022, creat reachtach lena gcosnaítear sceithirí i ngach earnáil den gheilleagar. Soláthraítear leis an reachtaíocht creat reachtúil inar féidir le hoibrithe ábhair imní a ardú maidir le héagóiritheoireacht a d'fhéadfadh teacht ar a n-aird san ionad oibre agus iad ar an eolas gur féidir leo leas a bhaint as cosaintí suntasacha fostaíochta agus eile má ghearrann a bhfostóir pionós orthu nó má dhéantar aon dochar dóibh as é sin a dhéanamh. Is ar an mBainisteoir AD atá an fhreagracht laethúil as baill foirne a thuairiscíonn éagóiritheoireacht faoi bheartas Labhairt Amach na hOifige. Tuairiscítear nochtaí cosanta don Leas-Stiúrthóir nó don Rúnaí.
Nochtaí Cosanta (poiblí)	Rúnaí Príobháideach	D'fhéadfadh nochtaí don Oifig faoi éagóiritheoireacht líomhnaithe maidir le riaradh airgid phoiblí teacht ó raon foinsí ar a nós seo a leanas • sceithirí (e.g., fostaithe de chuid comhlachtaí poiblí a dhéanann nochtaí faoi éagóiritheoireacht líomhnaithe ina n-ionad oibre) • Comhfhreagras (nó cineálacha eile cumarsáide) ó pháirtithe eile – féadfaidh na nochtaí a bheith ó dhaoine aonair aitheanta nó d'fhéadfadh siad a bheith gan ainm. Is duine forordaithe é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin reachtaíocht (Ionstraim Reachtúil 339/2014). Ciallaíonn sé sin gur féidir nochtaí faoi gach ní a bhaineann le húsáid mhíchuí cistí agus acmhainní poiblí nó nithe a bhaineann le luach ar airgead maidir le heintitis a thagann faoi shainchúram an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur faoi bhráid na hOifige. Déantar athbhreithniú ar gach nochtaí den sórt sin ag leibhéal sinsearach laistigh den Oifig chun an beart cuí a dhéanamh.
Soláthar	Leas-Stiúrthóir do Sheirbhísí Lárnacha	Gníomhaíonn Ardoifigeach Feidhmiúcháin, a thuairiscíonn don Bhainisteoir Airgeadais agus ar deireadh don Leas-Stiúrthóir do Sheirbhísí Lárnacha, mar Oifigeach Soláthair. Déanann an tAonad Airgeadais an méid seo a leanas: • feidhm an tsoláthair agus na gconarthaí a bhainistiú, • a chinntiú go gcomhlíontar rialacha soláthair phoiblí agus tairisceana agus nósanna imeachta inmheánacha airgeadais • próiseáil orduithe ceannaigh ar bhealach tráthúil a chinntiú • forbairt agus cur chun feidhme leanúnach na mbeartas soláthair agus na nósanna imeachta soláthair a chinntiú • a chinntiú go gcoimeádtar clár conarthaí.

Tá sé sin faoi réir athbhreithnithe mar chuid den phróiseas iniúchóireachta airgeadais.

Féadfaidh soláthar a bheith faoi réir athbhreithniú ag an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí i gcomhréir lena clár oibre ilbhliantúil.

Caighdeán Ghairmiúla	Leas-stiúrthóir um Cháilíocht agus Caighdeán	Cinntíonn an tAonad Cáilíochta agus Caighdeán go gcoimeádtar caighdeán ghairmiúla agus go gcoimeádtar iad cothrom le dáta le hoiliúint agus treoir rialta. Déanann soláthraithe seachtracha athbhreithniú orthu go rialta.
An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005	Rúnaí/ Bainisteoir Saoráidí	Déanann an tAonad Saoráidí an méid seo a leanas • ráiteas sábháilteachta a ullmhú • breac-chuntas a thabhairt ar nósanna imeachta oibríochtúla sábháilte ina ndéantar gach guais ábhartha a shainaithint agus a chur san áireamh; • cigireachtaí rialta ar an láithreán a dhéanamh chun a sheiceáil go bhfuil beartais agus nósanna imeachta á gcur chun feidhme i gceart; • rannpháirtíocht i dtástáil nósanna imeachta aslonnaithe éigeandála a eagrú.
Scéim faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003	Rúnaí (Oifigeach Cuntasaíochta)/ Bainisteoir Iniúchóireachta (Cumarsáid)	Tá Scéim Teanga na hOifige foilsithe ar a láithreán gréasáin. Cinntítear leis an scéim sin go mionsonraíonn an Oifig na seirbhísí a sholáthraíonn sí trí mheán na Gaeilge, trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla agus trí mheán an Bhéarla. Coinníonn an Rúnaí feidhmiú na scéime faoi athbhreithniú. Is é an Bainisteoir Iniúchóireachta don Aonad Cumarsáide atá freagrach as feidhmiú na Scéime ó lá go lá, mar aon le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí i nGaeilge.
Reachtaíocht cánacha	Bainisteoir Airgeadais	Cinntíonn an tAonad Airgeadais go gcuirtear an reachtaíocht cánacha ar fad i bhfeidhm. Cinntíonn sé nó sí go n-íoctar gach dliteanas a eascraíonn as reachtaíocht den sórt sin roimh na dátaí dlite ábhartha nó ar na dátaí sin. Tá sé sin faoi réir athbhreithnithe mar chuid den phróiseas iniúchóireachta airgeadais. Féadfaidh comhlíonadh a bheith faoi réir athbhreithniú ag an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí i gcomhréir lena clár oibre ilbhliantúil.